

Gaelscoil Thaobh na Coille

24/06/2020

Focal ón bPríomhoide

Tá bliain scoile fíor-dhúshlánach curtha isteach ag gach duine i mbliana, páistí, tuismitheoirí, múinteoirí. Tá ard-mholadh tuillte ag pobal uile na scoile as an obair iontach atá déanta agaibh go léir i gcuinsí fíor-dheacair ó mhí Márta.

Cé go raibh an tréimhse eisceachtúil seo an-dúshlánach ar a lán bealaí & ar chúiseanna éagsúla do dhaoine éagsúla, creidim go bhfuil rudaí maithé tagtha as freisin - an 'covid-bounce'. Creidim gur bhláthaith a lán páistí sa suíomh nua seo & gur fhorbair siad scileanna agus buanna nua & éagsúla nach n-éireodh leo a fhorbairt chomh maith agus iad ar scoil: scileanna ríomhfhoghlaama, scileanna cócaireachta & bácala, neamhspleáchas, smaointeoiracht chruthaitheach, comhoibriú clainne, scileanna agus forbairt phearsanta. Ceapaim go gcuirfidh sé go mór le hathlémneacht na bpáistí amach anseo.

Tá obair iontach déanta agaibh a thuismitheoirí le bhúr bpáistí le breis is 3 mhí anuas. Níl dabht ar bith ach go raibh réimsí áirithe den churaclam nach raibh ar bhúr gcumas a chlúdach sa bhaile ach féachfaidh muide chuige sin san Fhómhar, ná bí buartha faoi sin. Tá an t-ufás déanta agus foghlamtha ag na páistí ar bhealaí eile, scileanna a chuirfidh go mór lena gcuid foghlama nuair a fhilleann siad ar an scoil i ndiaidh an tSamhraidh.



Ba mhaith liom thar bhúr gceann agus thar cheann Bord Bainistíochta na scoile buíochas ó chroí a ghabháil le foireann iomlán na scoile. Ceapaim go n-aontóidh sibh liom nuair a deirim go dtugann foireann na scoile 100% agus a bhrefis dá ngairm i gcónaí agus gur sháraigh siad iad fén ó thaobh difíograis, cumais agus taobhsmaointeoireachta de agus iad ag dul i ngleic leis an grianfhoghlaím. Tá an t-ádh linn foireann chomh dílis, difígraiseach, tiomanta, a bheith againn i nGaelscoil Thaobh na Coille.

Táimíd ag súil go mór leis na páistí ar fad a fheiceáil ar ais ar scoil arís ar an Luan an 31 Lúnasa. B'fhéidir go mbeidh mionshocraithe éagsúla le cur i bhfeidhm agaínn d'am tosaithe agus críochnaithe na scoile, teacht isteach agus gluaiseacht ar láthair na scoile srl. ach coinneoidim sibh ar an eolas faoi sin thar an Samhradh agus de réir mar a chuireann an Roinn Oideachais & Scileanna Bord Bainistíochta na scoile ar ar eolas maidir le protácaill sláinte & sábháilteachta scoile.

This school year has been extremely challenging for everyone, pupils, teachers and parents alike. The entire school community deserves huge praise and credit for the great work that has been done by all since March, in really difficult circumstances.

Despite the serious challenges people faced, for many and varying reasons, I believe the lockdown and restrictions brought with it some very positive aspects also - 'The Covid-bounce' as it is being called. I think many children thrived and blossomed in this new scenario and developed many skills and talents that may not have been developed so well were they in the formal school setting – IT skills, baking and cooking skills, independence, self-reliance, creative thinking, family co-operation, personal development etc. I think all of this will help the children be more resilient going forward.

You have done some amazing work with your children. I know that some areas of the curriculum were more challenging than others but please don't worry about the things that haven't been covered, we will look after those when the children return to school. The children have learnt so much, in so many different ways, skills they will assist them in their learning when they return to school after the summer holidays.

I would like to take the opportunity at this stage to thank the whole school staff for the incredible work they have put into the last few months. I think you will agree with me when I say that our school staff give 100% and more to their profession and that they excelled in dedication, diligence, ability and lateral thinking, in what was for them a really steep learning curve in uncharted waters. We are blessed to have such committed and capable staff in Gaelscoil Thaobh na Coille.

We look forward to welcoming the children back to school on Monday the 31 August. We may have to put some new protocols in place, starting and finishing time, entry into school, limited access to school grounds and movement in and around the school but we will keep you informed of any such arrangement over the summer period once The Board of Management receives clarification from the Department of Education and Skills regarding Health and Safety Protocols for the re-opening of Schools.

Tugaigí aire agus fanaigí slán.

Is mise le meas,

Liam Óg Chonchúir


Gaelscoil Thaobh na Coille

Leathanach 2

Seó Tallainne 2020 Talent Show



Bhí Seó Tallainne bliantúil na scoile ar siúl arís i mbliana ach ar-líne an uair seo mar go raibh an scoil dúnta de bharr Covid-19. Chuir sé giondar ar mo chroí 60 físean a fháil don Seó Tallainne ó dhaltaí R3 go R6. Ábhar bróid do na páistí féin, dá dtuistí agus dúinne mar scoil an tallainn iontach, ilghnéitheach a léirigh na daltaí.



Tá ard-mholadh tuillte ag na daltaí ar fad a ghlac páirt i Seó Tallainne 2020, bhí gach aon duine acu ar fheabhas agus léirigh siad an-chaighdeán go deo. Buíochas leis na moltóirí Ailín Ní Dhomhnaill & Siobhán Uí Bhraoin as an bpost iontach deacair a bhí le déanamh acu na barr-mhíreanna a roghnú. Cé go raibh tasc an-deacair acu d'aontaíomar ar fad leo faoi na buaiteoirí a roghnáodar.



Our annual talent show was held recently but this year it was on-line as the school was closed due to Covid-19. Once again I was bowled over and delighted to receive 60 video entries for the Talent Show from pupils in R3 to R6. The pupils, their parents and the whole school community should be exceptionally proud of our incredibly talented pupils.



The standard was exceptionally high for children of their age and each and every one of the participants deserve huge praise on their performance. Buíochas to our adjudicators Ailín Ní Dhomhnaill & Siobhán Uí Bhraoin who had the really difficult job of choosing the best acts in the show. Although difficult, I think we all agreed with their choice of winners.



Seó Tallaine 2020

Duais	Buaiteoir(i)
An Mhír is Fearn	roinnte idir Zak Ó hAodha & Christina Nic Eoin
Gradam na hÓige	An mhír sóisearach is fearr Louisa de Riseemann
Gradam Barr-Amhránaí	Keelin Ní Dhuibhir
Gradam Ard-mholadh	Buaiteoir(i)
1 Sár-amhránaí	Aobha de Róiste
2 Sár-amhránaí Óg	Lauren Ní Fhinn
3 Sár-amhránaí le féin tionlacan	Cailean Mac Pháidín
4 Sár-Amhránaí Traidisiúnta	Maedhbh Nic Cá尔thaigh & Tríona Ní Riocaird
5 Sár-cheoltóir	Oscar Ó Nuanáin
6 Sár-cheoltóir Traidisiúnta	Thea Goodhue
7 Sár-phianadóir	Tadhg Ó Tuama
8 Sár-phianadóir Óg	William Ó Ciara
9 Sár-rinceoir	Éabha Mercer
10 Sár-ghrúpa	Billie, Aisling, Rececca, Sarah, Maria, Niamh, Ciara
11 Sár-veidhleadóir	Caitríona Ní Mhóráin
12 Sár-veidhleadóir óg	Clíodhna Ní Dhubhthaigh
13 Sár-ghiotáraí	Hayden Ó Farannáin
14 Sár-scil	Luca Ó Néill
15 Sár-ghleacaíocht	Emma Ní Chathasaigh
16 Sár-chartún	Elodie Bowman
17 Sár-scanánaíocht & scileanna teicneolaíochta	Aobhaí Ní Dhuiginn & Bródáí Ó Duiginn
18 Sár-chur i láthair	Oilibhéar Ó Seanacháin
19 Sár-dhraoi	roinnte idir Sam Ó Manacháin & Cian Ó Flannagáin
20 Duais speisialta covid-19 Scil Nua	Becky Ní Chonchúir!!!

N1A An Múinteoir Niamh Ní Dhúill

Bhí trialacha Eolaíochta le déanamh ag páistí N1A. Fuair siad roinnt rudaí difriúla timpeall an tí.....bréagáin, spúnóg, cannaí rudaí plaisteacha agus earráí miotal. Bhaineadar trial as... ‘an snámhann nó nach snámhann siad?’ Rinne Oisín ó Dubhthaigh, Jack Mac Uidhir agus Zosia Ní Ghéibheannaigh físeán iontach chun an trial a léiriú dúinn ar fad. Chuaigh cuid de na paistí ar an siúlód fada suas an chnoic go Reilig an Phathaigh i nGleann Cuilinn. Seo í Alyssa Nic Ghiolla Bhríde, Myles ó Dubhgáill agus Jack Mac Uidhir. Bhí cuairteoir sa rang Zoom againn. Céarbh í an cuairteoir?

**N1B An Múinteoir Ciara Ní Bháille**

Is rang bríomhar agus cairdiúil iad N1B. Is rang iontach deas iad, réitíonn siad go léir go han-mhaith lena chéile agus leis an múinteoir chomh maith. Is rang greamhar iad, ba mhinic go raibh an rang ar fad ag gáire ar scoil (an múinteoir san áireamh)! Is léir ón obair atá déanta acu ó dúnadh na scoileanna gur páistí díograiseacha iad na páistí i rang N1B (agus a gcuid tuismitheoirí). Is iad na rudaí ba mhó a thaitin leis an rang seo ná na ceachtanna gníomhacha. Sna ceachtanna seo bhí orthu cruthanna, dathanna, rudaí te agus fuar agus a lán rudaí eile a aimsiú sa teach bunaithe ar an téama a bhí á chlúdach againn. Rinne siad obair iontach leis na ceachtanna seo! Bhí orthu iad féin a ullmhú do lá samhradh, agus chuir na páistí an-iarracht isteach sa cheacht seo! Bhí go leor buicéad agus spád, uachtar gréine agus éadaí samhraidh le feiceáil sna pictiúir a fuair mé ar ais. An ceacht ba mhó a thaitin leis an Múinteoir Ní Bháille ná an ceacht ina raibh na páistí mar fear nó bean na haimsire. Chuir na páistí fiséain iontacha ar ais chuici, agus bhí siad an-chruthaitheach agus greamhar. Is rang iontach iad N1B agus bhí bliain thar cionn ag an Múinteoir Ní Bháille leo.

**N1C An Múinteoir Orla Ní Fhicheallaigh**

Bhí bliain eisceachtúil againn i mbliana! D'éirigh go h-an mhaith le chuile páiste i N1C leis an bhfoghlaím ar fad. Bhí ar 21 againn (mé féin san áireamh) socrú ar scoil le chéile i Mí Meán Fómhair. Chuireamar dhá sheó den scoth ós comhair na tuismitheoirí í Mí Dheireadh Fómhair agus i Mí na Nollag. I Mí Eanair bhíomar compórdach le chéile agus i mbun spraoi agus siúlódí sa nádúr. Bhí mí mhór againn i Mí Feabhra agus an-chuid idir láimhe againn. Bhí orainn bogadh chuig ár seomra nua N1C sa chuid nua-thóghtha den scoil. D'fhoghlaímíomar faoi bhia sláintúil agus fuaireamar blaise de!

Mhúin páistí as rang 5B dúinn faoi na ‘Bee Bots’ agus bhaineadar

an-taitneamh as tríail a bhaint astu! Bhí muid i mbun scríbhneoireachta ansin nuair a dhún na scoileanna i Mí Márt agus bhí orainn dul i dtaití ar ár obair scoile a dhéanamh sa bhaile le Mamaí agus Daidí. Rinne páistí an ranga sár-jab i rith na bliana ar fad ach go háirithe sa bhaile nuair nach raibh an múinteoir ann chun cabhrú leo. Maith sibh as ucht an obair iontach ar fad a rinne na páistí i rith na bliana. Tá mé chomh sásta leis an rang agus an t-iarracht a rinne siad le chuile ghné den fhoghlaím ó thíos na bliana go dtí anois. Tá mé ag súil go mór leis na páistí sa rang a fheiscint arís agus an Ghaeilge álann atá foghlamtha acu a chloisteáil!!



Rang N2A - An Múinteoir Bernie Ní Ruadaigh

Bhí an-chuid foghlama, spórt agus spraoi ag Rang an Múinteoir Ní Ruadaigh. Chomh maith le bheith ag déanamh Gaeilge, Béarla & Mata ar-líne, rinne siad lóga, Cócaireacht, Eoláocht, Ealaín, Toráocht Taisce agus tógáil le Lego. Scríobh siad Scéal Ranga agus bhí an-t-ufás le foghlaim ó na Fírcí ar an Aoine. Chéiliúramar breithlá Ailish, Oisín, Sophia, Miles agus Róisín agus fuair siad cárta lámh dhéanta sa phost. Bhreathnaigh siad ar an bhfás agus an t-athrú a tháinig ar na féileacháin. Bhí turas scoile againn fiú, go dtí an Zú.

**N2B – An Múinteoir Patrick Ó Maolmhuire**

Cé go bhfuil bliain scoile dúshlánach curtha isteach ag gach duine i mbliana; tá mé fós an-sásta leis na rudáí éagsúil atá clúdaithe againn. Ghlacamar páirt i go leor tionscadail spreagúil agus spraoiúil. Rinneamar gáire, suigradh, staidéar agus d'fhoghlaimíomar i rith na bliana seo. D'fhás cairdeas níos doimhne eadraínn agus rinneamar cairde nua ar an mbealach chomh maith. Thug gach páiste áthas agus sonas leo go dtí an seomra ranga. Bhí sé d'ádh orm an grúpa páistí iontacha seo a bheith agam i mbliana. Chuaigh siad i bhfeidhm ar mo shaol agus ar an scoil bhliain seo ar bhealaí an-dearfacha agus sásúil. Tá ard-mholadh tuillte agaibh as an obair atá déanta agaibh leis na páistí i rith na bliana & go speisialta ó mí Márta ar aghaidh.

**R1A – An Múinteoir Sinéad Nutley**

Tá sár-obair déanta ag R1A le cúpla mí anuas ar Google Classroom. D'imir muid cluichí éagsúla gach seachtain ar Zoom freisin agus bhí an-spraoi againn! Maith sibh a pháistí agus a thuistí as ucht bhur gcuid oibre iontach. Tá sos tuilleadh go maith agaibh. Bainigí sult as an Samhradh!



Rang 1B - An Múinteoir Deirdre Uí Dhónaill

Tá an méid sin oibre déanta ag Rang 1B ar scoil agus sa bhaile (i Seomra Ranga Google) i mbliana. D'fhoghlaim muid a lán rudaí faoin nadúr; éanalaithe, bláthanna agus na séasúir. Rinne muid a lán léitheoireacht, léirmheas leabhair, drámaíocht (bunaithe ar dhánta agus ar an léitheoireacht) agud d'fhoghlaim muid go leor dánta nua. Thaitin 'Please Mrs Butler' go mór le gach duine, na tuismitheoirí chomh maith. Rinne muid turgnamh eolafochta ar phlandaí le fáil amach an ólann siad uisce agus rinneamar píotsa ó thús go deireadh agus muid ag foghlaim codáin sa bhaile. D'oibrigh muid mar thuairisceoirí nuachta do Chúla 4. Scríobh muid ár nuacht féin, thaifead muid é agus chuireamar i láthair é, rud a bhain muid ar fad an-sult as.

**R2A – An Múinteoir Ní Bhaoill**

Tá an-obair déanta ag R2A i mbliana ar scoil agus sa bhaile. Is rang iontach iad. Bhí na páistí ag ullmhú don Chéad Chomaoineach nuair a chríochnaíomar ar scoil agus bhí an t-ufás oibre déanta acu. Is rang cruthaitheach iad Rang 2A agus ag túis na bliana, bhíodar ag obair ar fhéin portráidí. Ceapaim gurb iad na pictiúir is deise atá feicthe agam agus tá a fhios agam go raibh an rang an-bhródúil as an taispeántas sin. Thaitin sé go mór leis na páistí labhairt faoi na leabhair is fearr leo i rith na bliana sa rang. Rinneamar léirmheas leabhar le déanaí ar Google Classroom freisin agus níor cheird mé cé chomh maith is a bhí na fiseáin. Bhí Darth Vader é féin ar fhíséán amháin, go raibh maith agat, a Fhinn! Tá an t-ufás rudaí suimiúla déanta ag na páistí le cúpla mí anuas idir bhácáil, adhmadóireacht, obair ealaíne, amhránaíocht, drámaíocht agus scríbhneoireacht chruthaitheach. Chuir sé gliondar croí orm na grianghraif agus na fiseáin den méid a bhí ar siúl acu sa bhaile a fheiceáil. Bhaineamar an-taitneamh as na tionóil Zoom, go speisialta 'Inis agus Taispeáin', bhí sibh ar fheabhas. Tá súil agam go mbíonn samhradh álann agaibh. Tá sos tulite agaibhanois. Bhí sibh ag obair go dian sa bhaile. Slán tamaill!

**R2B An Múinteoir Maoilíosa Ó Dubhthaigh**

Ba mhaith liom an deis seo a ghlacadh le mo bhúiochas a ghabháil le páistí Rang a 2B a rinne sár-obair i rith na géarchéime ó Mí Mártá go Mí Meitheamh. An rud is mó a sheas amach dom i rith an tréimhse seo ná na scéalta a roinn sibh le chéile mar chuid de Nuacht na Ranga. Ghlac formhór na ranga páirt iomlán sna ceachtanna seo agus molaim sibh dá bharr. Bíodh sos álann agaibh don Samhradh. Ba mhór an pléisiúr dom an rang seo a mhúineadh i mbliana agus guím gach rath oraibh agus sibh ag dul isteach i Rang a 3.

R3A – An Múinteoir Deirdre Uí Dhiomsaigh

Gabhairim buiochas le rang 3A. Rang-ghrúpa álainn sibh – cairdiúil, cineálta, cúirtéiseach. Rinne sibh bhur ndícheall i ngach rud i gcónaí ó thus go deireadh na bliana. Beidh go leor dea-chuimhní agam ar ár am le chéile – an deá-obair, na seisiún ceoil agus filíochta, picnicí sa seomra ranga, na cóisir deireadh-téarma, ceoldráma na Nollag agus an túis iontach a chuir foireann iománaíochta an ranga leis an gcomórtas Andy Gibbons. Is trua gur cuireadh stop lenar dturas foghlama sa seomra ranga ach leanamar orainn leis an gcianfhoghlaím sa bhaile. Molaim sibh go hard na spéire as ucht an obair iontach a rinne sibh ar an Seomra Ranga Google. Go raibh mile maith agaibh a thuismitheoirí as ucht tacú leis na páistí – cinnte ní fhéadfaimis é a dhéanamh gan sibh! Bíodh sos maith agaibh a pháistí agus bainigí taitneamh as sonas agus saoirse an tsamhraidh!

**R3B – An Múinteoir Caitríona Bairéad**

An rud is mó a sheas amach dom ná an chaighdeán ard atá sa rang seo sa scríbhneoireacht ceangailte. Ní dóigh liom go bhfaca mé a leithéad riamh i rang 3. Rinne siad an-obair ar Khan Academy agus Spell and Tell. Bhuaileamar lena LÁN peataí ar na tionól Zoom marsin rinneamar tionscadal ar ainmhithe . Éabha ar cait tSíbéal, Annabel ar hamstar, Matthew Ó D ar spadáin, Tadhg ar chapaill, Cillian ar séabra, Taylor agus Rhys ar eilifint, Lily ar Toto an madra ó The Wizard of Oz agus Oliver ar muic ghuine.

Rudaí eile a sheas amach ná.....Tristan a bhfuil an-obair déanta aige ar Spell and Tell, Morgan a thug cur síos dúinn ar a chuid pleananna



campála, Aodh J a fuair litir ó Uachtaráin na hÉireann, Cormac a d'inis dúinn faoi bhualadh lena cairde, Adam Ó Faodhagáin a rinne ealaín iontach ar Shotgun, Matthew Ó F lena scríbhneoireacht ceangailte foirfe, Adam Ó Fr a scríobh scéal faoina bhreithlá sa Spáinn, Scott a rinne scríbhneoireacht ceangailte álann i gcóir Múinteoir Bradshaw, Luca agus an pheil. Joanna a thaispeáin Teddy a madra gleuite dúinn, Béibhinn agus Cristina a rinne gleacaíocht/rince don séó tallainne, Anna a thaispeáin BAILE Lego dúinn, Lauren a bhris a lámh ach fós a sheol obair iontach isteach, Inis atá ag staidéar Fraincíse *trés bien* Inis! Harry a scríobh scéal iontach ag baint úsáide as nathanna, Katherine a fuair madra nua - Milo, Mia a mhaisigh cuireadh bhreithlá le péint agus Evie a rinne aquarium a bhí ar fheabhas !

R4A An Múinteoir Tomás Mac Uileagóid

Rang álainn is ea Rang a 4A. Rang sách beag le croí mór. Bhí bliain an-mhaith againn le chéile roimh an dianghlásáil agus ina dhiaidh. Bhí béim an-mhor ar na táblaí Mata agus an pheannaireacht, ag tógáil ar an obair a rinne an Múinteoir Uí Dhiomsaigh. Bhí an ceol lárnach gach lá agus thainig feabhas an-mhór ar chumas na ndaltaí seinnt ar an bhfeadóig stáin. Ba chúis mhór bród dúinn cuid mhaith dóibh a fheiceáil ar an stáitse ag an gCórfhéile. Cé gur dhún an scoil níor chuir sé sin stop leis an obair, agus ghlac gach duine páirt san obair ó bhaile. Is léir gur thapaidh na daltaí an deis le scileanna nua a fhoghlaím, scileanna le ríomhaire, scileanna neamhspleáchais agus scileanna práicticiúla. Maith sibh.



R4B An Múinteoir Colm Ó Coisdealbha

Mothaím go raibh an t-ádh liom Rang 4B a mhúineadh i mbliana. Is grúpa éagsúil pearsantachtaí iad cinnte ach roinneann siad tréithe atá an-tábhachtach dúnne mar mhúinteoirí agus mar scoil. Tá siad macánta, béasach, oibríonn siad go crua agus déanann siad a ndícheal. Labhríonn siad Gaeilge agus is aoibheann leo ceol, ealaín agus spórt. Is cairde den scoth iad agus bíonn siad ag faire amach dá chéile. Ní fhaca mé iad le cúpla mí anuas ach déarfainn go bhfuil siad tar éis a lán a fhoghlaim fúthú féin le linn an tréimhse gur dhún na scoileanna. Beidh siad níos láidre, níos tuiscíní agus níos neamhsplách dá bharr, tá mé cinnte. Tá mé ag súil le haghaidheanna, meangaithe gáire agus



guthanna an dream seo a fheiceáil agus a chloisteáil arís go luath. Maith sibh Rang 4B, ó chroí, as ucht an obair ar fad a chuir sibh isteach le linn na bliana seo, bliain a bhí chomh héagsúil dúinn ar fad. Bainigí sult as an samhradh agus tugaígí aire diobh fhéin.

R5A An Múinteoir Máire Mhic Gabhann & An Múinteoir Máirín Ní Dhubhthaigh

Bhí bliain iontach againn le R5A agus tá ard-mholadh ag dul dóibh as an obair ar fad a rinne siad ar Google Classroom le linn an géarchéim sláinte seo. Tuigimid cé chomh deacair is a bhí sé orthu gan a bheith in ann teacht ar scoil nó a gcairde a fheiceáil ach d'fhan siad dearfach agus díograiseach. Molaimid iad as an ealaín álainn, bácaíl blasta, ceol binn agus spórt spraoiúil a rinne siad. Tá súil againn go mbeidh samhradh taitneamhach acu ar fad!


**R5B An Múinteoir Clíona Seoighe**

Bhí am álainn againn i Rang a Cúig i mbliana. Is rang lán le beocht iad ina bhfuil cairdeas agus cineáltais le feiceáil uайдh gach duine. Bhí atmaisféar álainn sa rang le spiorad ranga álainn. Rinne gach duine 'Inis agus taispeáin' suimiúla i mbliana. Maith sibh! Bhí comhráití ranga an-dheas leis na rang seo i gcónaí. Rud an-speisialta faoin rang seo ná cé chomh deas agus cabhrach is atá na páistí lena chéile. Seo pictiúir do na 'Bee-Bots' a rinne R5B i gcóir na bun ranganna i mbliana. Bhí siad sár-mhaith ag oibriú le chéile agus ag dul timpeall na scoile ag cabhrú leis na páistí óga agus ag spraoi leo. D'oibrigh an rang go dian le google classroom. Maith sibh! Leanaigí ar aghaidh leis an obair iontach a pháistí agus ádh móir i Rang a Sé!



R6A An Múinteoir Clíodhna Ní Leocháin

Bhí Rang 6A an-ghnóthach ar Google Classroom le trí mhí anuas! Rinne siad tionscnaimh ar an bhfarraige, ar an Dara Cogadh Domhanda agus ar 1916. Chuaigh siad ar thuras scoile samhalta go dtí an Stáisiún Spáis NASA, Zú Bhaile Átha Cliath, Áras an Uachtaráin, Teach Anne Frank agus an Teach Bán sna Stáit Aontaithe. D'airigh an múinteoir uaithi an bácaíl a rinne na páistí gach Aoine agus bhí sí go mór in éad leis na cácaí deasa a rinne siad sa bhaile agus na grianghraif dóibh a bhí roinnte le gach duine ar an Stream. Bhí siad an-chruthaitheach leis an spórt. Rinne siad ar fad físeán de ghníomhaíochtaí difriúla sa bhaile. Tá an cuma ar Niamh Ní Dhúghaill go bhfuil sí ag eitilt tríd an aer sa ghrianghraf sin! Cuimhne amháin a sheas amach dom ná sméara dubha a phiocadh ag túis na bliana le hathair an Múinteoir Ní Leocháin! Bhuaileamar leis an Teachta Dála Shane Ross agus fuaireamar cuireadh chuig an Dáil ar an lá céanna – lá den scoth eile a bhí agaínn i rang a sé.

**R6B An Múinteoir Richeal Ní Thairnáigh**

Rinne daltaí R6B obair na gcapall ar Google Classroom sa téarma deireanach. Bhí and-chaighdeán ar na tionscnaimh bunaithe ar an bhFarraige agus Éirí Amach na Cásca 1916- rinne Mark, Finn, Zack agus Cillian a dtionscnaimh faoi Éirí Amach na Cásca 1916 ar Minecraft! Bhí sé ar fheabhas na físeáin de na scileanna spóirt a fheiceáil ar an Stream- chonaiceamar scileanna peile, scileanna iománaíochta agus scileanna gleacaíochta. Bhí daltaí R6B an-ghníomhach ag bácaíl sa bhaile. Rinne Rachel cáca dochreidte do lá breithe a máthair agus thaifead Tadhg ceacht bácalá dúinn! Rinneamar físeáin bheaga don Inis & Taispeáin a bhí bunaithe ar pheataí, ar shibhlíni, ar laethanta saoire agus ar lá samplach sa dianghlásáil. Bhí sé iontach an sár-iarracht a fheiceáil a rinne na páistí leis na puzail mhata gach lá- d' éirigh le cuid de na páistí teacht ar fhreagra roimh an múinteoir fiú! Dhírighe na páistí ar na scileanna teicneolaíochta agus iad ag déanamh fógraí do pháirc shiamsaíochta ar na ríomhairí- bhí cuma an-phrofisiúnta orthu. Is trua nár éirigh linn an téarma deireanach a chríochnú ar scoil ach rinne gach dalta a seacht ndícheall leanúint leis an obair sa bhaile agus tá an Múinteoir Ní Thiarnaigh an-bhródúil astu!



Saoire an tSamhraidaí

Summer Holidays



Aoine: Friday 26/06/2020

Ath-oscailt 2020/2021 Luan 31/08/2020

Re-opening for 2020/2021

Monday 31/08/2020



Socraithe Scoile do 2020/2021

Bille Scoile : Muna bhfuil an bille scoile fóchta agat ar mhiste leat é sin a dhéanamh gan mhoill.

Please pay school bill without delay if you haven't already done so.

Éide Scoile: The Schoolwear House , Unit 3, Ballyogan Business Pk, phone: 01 292 1540 www.schoolwearhouse.ie

Ordaigh aon chuid den éide scoile atá ag teastáil go luath - ná fág é go dtí an nóiméad deirneach! Cuirim i gcuimhne daoibh gur bróga dubh nó dubhghorm atá le caitheamh leis an éide scoile. Bróga reatha dubh, dubhghorm nó bán leis an éide spóirt.

Order any items of school uniform you need early - don't leave until last minute. May I remind you that school shoes should be either black or navy. Black, navy or white runners may be worn with the school tracksuit.

Fágáil na Scoile: Muna mbeidh do pháiste ag filleadh ar Gaelscoil Thaobh na Coille an bhliain seo chugainn ar chúis ar bith, ar mhiste libh é sin a chur in iúl dúinn láithreach muna bhfuil sé sin déanta agat cheana féin.

If your child is not returning to Gaelscoil Thaobh na Coille next year for whatever reason can you please let us know immediately if you have not done so already.

Nuachtlitir Lúnasa : Seolfar Nuachtlitir amach chugaibh ag deireadh mí Lúnasa leis na socraithe ranga srl don scoilbhliain seo chugainn 2020/2021 ach beimíd i dteagmhail libh thar an Saoire freisin le haon socruithe a bhaineann le cúrsaí Covid-19.

You will receive a newsletter by post & e-mail in late August informing you of class arrangements etc. for the 2020/2021 school year however we will also keep you posted over the Summer regarding specific covid-19 related arrangements .

Féilire 2020/2021 Tá féilire don Scoil Bhliain seo chugainn 2020/2021 le fáil ar shuíomh ghréasáin na scoile agus seolfar cóip chrua de chugaibh le pacáiste mí Lúnasa.

The 2020/2021 School Calendar can be found on the school website www.taobhnacoille.ie and a hard copy will be sent out to you prior to the re-opening of the school in August.

Scoil ag Ath-oscailt : School re-opens : Dé Luain 31/08/2020



Guímíd gach rath ar dhaltaí rang a 6 agus iad ag tabhairt aghaidh

ar an mheánscoil agus an saol mó ríompu amach.



Campaí Samhraidh Cúla4 do 2020

Nuair a chríochnóidh 'Cúla4 ar Scoil' ag deireadh na míosa seo agus saoire an tSamhraidh ag tosú go hoifigiúil, beidh cíug seachtaíne de Campaí Cúla4 á chraoladh ar TG4 chun páistí a choinneáil gnóthach agus sásta fad is atá an tís fós ag dul i ngleic leis na srianta atá orainn de bharr Covid-19.

With 'Cúla4 ar Scoil' finishing at the end of this month and the summer holidays officially starting, there will be five weeks of Cúla4 camps broadcast on TG4 to keep children happy and busy as the country continues to contend with Covid-19 restrictions.

Is é an comhlacht léirithe Meangadh Fíbín a bheidh i mbun an léirithe, agus is iad a léirigh 'Cúla4 ar Scoil', sraith a bhfuil an-tóir air ó cuireadh túis leis tar éis saoire na Cásca. Tá 'Cúla4 ar Scoil' dirithe ar pháistí Gaeltachta agus gaelscoile a bhí ag foghlaim sa bhaile de bharr scoileanna a bheith dúnáta ó mhí Márta. Tá cáil ar Fíbín freisin dá gcuid léiriúcháin eile, 'Is Eolaí Mé', 'Is Mise' agus 'Saol faoi Shráid'.

Production company 'Meangadh Fibín' will produce the camps. They produced 'Cúla4 ar Scoil' which has been a very popular series since it started after the Easter break. 'Cúla4 ar Scoil' is aimed at Gaeltacht children and those attending Gaelscoileanna who are being homeschooled since schools closed in March. Fibín is also well known for productions such as 'Is Eolaí Mé', 'Is Mise' and 'Saol faoi Shráid'.

Beidh cíug champa le téamaí éagsúla á reachtáil ag Campaí Cúla4, a thabharfaidh deis do pháistí réimse leathan suimeanna a chur i cleachtadh. Beidh láithreoir difriúil ar gach campa freisin, láithreoirí iad a bhfuil saineolas acu ar ábhair an champa.

Cúla4 will run five camps with varying themes, giving children the opportunity to engage with a wide range of interests. Each camp will have a different presenter who has particular expertise in the area being explored in the camp.

Campa a hAon - Na hEalaíona Traidisiúnta. Beidh Orla Ní Finneadha, láitheoir aimsire le TG4 agus múinteoir bunscoile i mbun an chéad champa a bheidh dirithe ar na hEalaíona traidisiúnta. Is múinteoir bunscoile as Conamara í Orla Ní Finneadha le B.Oid, M.Oid agus DGCS. Tá duaiseanna amhránaíochta buaite aici ag an Oireachtas agus ag an bhFleadh Cheoil. Oibríonn sí go crua chun na healaíona traidisiúnta a chur chun cinn i measc glúin óg i gConamara. Beidh gach gné de na hEalaíona Traidisiúnta á chur i láthair ag Orla sa champa, ó amhráin ar an sean-nós, stíleanna éagsúla damhsa, fillíocht, luibíní agus rap fiú. Beidh aionna ar nós Cillian Ó Donnchadha ag cur comhairle faoi dhrámaíocht agus scileanna aisteoireachta, Seóna a bheidh ag múineadh poirt ar an bhfeadóig i gcúig cheacht i gcaitheamh na seachtaíne. Seachtain spráíuil, cheolmhar a bheidh ann agus spreagfaidh sí gach duine againn le dul i mbun cumadóireachta.

Camp One – The Traditional Arts. Orla Ní Finneadha, a weather presenter on TG4 and primary school teacher, will present the first camp which will focus on Traditional Arts. Orla Ní Finneadha is a primary school teacher from Conamara with a B.Oid, M.Oid and a PDSL. She has won singing prizes at the Oireachas and at Fleadh Ceoil level. She works tirelessly to promote the Traditional Arts amongst the younger generation in Connemara. All aspects of the Traditional Arts will be explored by Orla in the camp, from sean-nós singing, different styles of dance, poetry, ditties and even rap. Guests such as Cillian Ó Donnchadha will advise on drama and acting skills and Seóna will teach a tune on the tin whistle in five lessons over the course of the week. It will be a fun week of music and Orla will motivate us all to start composing.

Campa a Dó - Bia, Folláine & An Nádúr - Tá Diarmuid Ó Mathúna ar ais!! An Corcaíocht a mheall gach duine lena chuid oideas gach seachtaíne ar Cúla4 ar Scoil. Is aoibheann leis a bheith ag ithe. Is mar sin a chaitheann sé a chuid ama ar fad, istigh sa chistin ag réiteach agus ag ithe bia. Nuair nach mbíonn sé ag ithe nó ag réiteach bia bíonn sé ag smaoineamh faoi, ag caint faoi nó ag scríobh faoi bhia. Beidh Diarmuid ag cur miasanna blasta eile os ár gcomhair agus cuirfidh sé bia eile ó áiteanna éagsúla ar fud an domhain os ár gcomhair chomh maith. Feicfimid mar shampla an turas a dhéanann bia ó fheirm i Meiriceá theas go pláta in Inis Oírr! Beidh cúpla aoi speisialta eile aige ag cur síos ar bhia agus ar an dúlra thart timpeall na hÉireann agus beimid ag foghlaim faoi champáil amuigh faoin aer.

Camp Two – Food, Health and Nature – Diarmuid Ó Mathúna is back! The Corkonian enticed us all with his recipes every week on Cúla4 ar Scoil. He loves to eat. That how he spends his time, he's either in the kitchen preparing or eating food. When he is not eating or preparing food he is thinking about it, talking about it or writing about it! Diarmuid will be presenting us with tasty dishes as well as food from various places around the world. For example we will see the journey that food makes from a farm in South America to a plate in Inis Oírr! He will also have a number of special guests describing food and nature around Ireland and we will learn about camping under the stars.



Campaí Samhraidh Cúla4 do 2020 ar lean



Campa a Trí: An Teicneolaíocht & an Chruthaitheacht (STEAM) – Beidh Jules Ní Chonchubhair ó Techspace i mbun an champa teicneolaíochta agus cruthaitheachta. Tá cúlra ag Jules le hinnealtóireacht fuaimé agus le ríomhairí. Is breá léi bealaí nua cruthaitheacha a aimsiú chun oiliúint STEAM a thabhairt do chách. Tá spéis ar leith aici timpeallacht chuimsitheach a chruthú d'oideachas STEAM. I gcomhthéacs an domhain a bhfuil cónaí orainn sa lá atá inniu ann, áit a bhfuil gach duine ag brath ar an teicneolaíocht le nasc a choimeád lena chéile, cuirfidh Jules seachtain siamsúil os ár gcomhair a fhreagróidh an "cén fáth, cén chaoi agus cén uair" trí fhiosrúchán agus spraoi. Ó theicneolaíocht go innealtóireacht, beidh muid ag foghlaim faoin domhan thart orainn.

Camp Three – Technology and Innovation (STEM) – *Jules Ní Chonchubhair from Techspace will present the Technology and Innovation camp. Jules's background is in sound engineering and computers. She loves discovering creative new ways to provide STEM education for all. In the context of the modern world in which we now live, a place in which everyone depends on technology to connect with each other, Jules will present an entertaining week that will answer the 'why, how and when' questions through investigation and fun. From technology to engineering, we will learn about the world around us.*

Campa a ceathair - Spórt & Aclaíocht - Cuirfidh Máire Treasa Ní Dhubhghaill an campa spóirt agus aclaiochta i láthair. Is í Máire Treasa aghaidh aitheanta "Rugbaí Beo" ar TG4. Beidh fonn ar pháistí éirí ó na suiocháin agus páirt a ghacadh san aclaiocht le Máire Treasa. Foghlaimeoimid conas fanacht sláintíúil agus folláin sa bhaile agus feicfimid na spóirt ar fad is féidir linn a imirt. Beidh aonnaí éagsúla in a teannta ag cur síos ar gach réimse spóirt ó pheil, jútó go seoltóireacht. Seachtain spraíúil spóirtiúil í seo agus lán d'fhuinneamh.

Camp four – Sport and Physical Exercise – *Máire Treasa Ní Dhubhghaill will present the Sport and Physical Exercise camp. Máire Treasa is the well known face of "Rugbaí Beo" on TG4. Children will want to get off the couch and take part in physical exercise with Máire Treasa. We will learn how to stay healthy at home and we will see all the sports we can play. There will be special guests discussing a range of sports from football and judo to sailing. This is a fun sporty week full with energy.*

Seachtain a Cúig - Na Meáin Chumarsáide (teilifís, raidio, podchraoltaí, vlogáil, scríbhneoireacht) – tá deis anseo nascadh isteach le RnaG, Tuairisc, Iriseoirí Gaeilge &rl. Ní raibh tábhacht riamh leis na meáin mar atá anois. Agus muid ag fanacht sa bhaile, tá muid ag brath ar na meáin ar bhealach amháin nó ar bhealach eile chun nuacht a fháil, le fanacht i dteagmháil lena chéile agus chun siamsaíocht a chur ar fáil. Beidh meabhrúcháin rialta maidir leis an tstí ba chóir fanacht sábháilte ar líne agus conas nithe a roinnt go sábháilte. Foghlaimeoimid conas clár raidió a chur le chéile, conas nuachtán a chur in eagair. Beidh Caitlín Nic Aoidh ag láithriú seachtain shuimiúil agus na gnéithe éagsúla a bhaineann leis na meáin á chur i láthair aici. Is as Cloich Cheannfhaola i nGaeltacht Thír Chonaill do Chaitlín. Chaith sí cúpla bliain ag múinteoiríreacht sula ndeachaigh sí i dtreo na meáin. Tá sí ag obair le TG4 ó bhí 2015 ann mar láithreoir aimsire agus leanúnachais agus tá réimse clár déanta ó clár beo go clár réamhthaifeadta aici. Tá taithí aici ar na meáin shóisialta agus na meáin dhighiteach chomh maith le bheith os comhair an cheamara.

Week Five – The Media (television, radio, podcasts, vlogging, writing) - *this is an opportunity to link in with RnaG, Tuairisc, Irish language journalists etc. The media has never been more important. As we stay at home, we depend on the media in one form or another to get news updates, to stay in touch with each other and to provide entertainment. There will be regular reminders of how to stay safe online and how to share content in a safe manner. We will learn how to put a radio programme together and how to edit a newspaper. Caitlín Nic Aoidh will present an interesting week concerning different aspects of the media. Caitlín is from Cloich Cheannfhaola in the Donegal Gaeltacht. She spent time teaching before working in the media. She is working with TG4 since 2015 as a weather presenter and a continuity announcer. She has worked on a range of programmes from live to prerecorded. She has expertise in both social and digital media as well as being in front of the camera.*

Tá an t-sraith clár campaí á léiriú le tacaíocht maoinithe ón Roinn Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta agus ó Fhoras na Gaeilge agus ar leas fheidhmiú an Phlean Gníomhaíochta 2018-2022 don Ghaeilge.

This series of summer camps is produced with funding support from the Department of Culture, Heritage and the Gaeltacht and Foras na Gaeilge for the enactment of Action Plan 2018-2020 for the Irish Language.